

# HULA HUL

Séán Mac Mathúna

An Chéad Eagrán 2007  
© Seán Mac Mathúna 2007

ISBN 1 898332 28 2

*Ní thagraíonn aon phearsa ficseanach sa scéal seo  
d'aon duine sa saol réadúil.*

Gach ceart ar cosnamh. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Clóchur, dearadh agus pictiúr clúdaigh: Caomhán Ó Scolaí  
Clódóireacht: Clódóirí Lurgan



Bord na Leabhar Gaeilge

*Tugann Bord na Leabhar Gaeilge  
tacaíocht airgid do Leabhar Breac*

Leabhar Breac, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.  
Teil: 091-593592

*Cúm na Madraí, Barúntacht Dhún Ciaráin Thuaidh,  
Ciarraí, Iúil 1891*

Deirtear mar gheall ar Chúm na Madraí go líonann an ceo isteach ann oíche Shamhna is ná fágann sé an áit go nglaoonn an chuach amach air an samhradh dár gcionn. Ní shílfeá é sin an lá áirithe so mar bhí sé ina bhrothall ar fad agus an mheitheal ag tarrac féir chun na cruaiche, na scafairí is na mná óga ag faire a chéile, agus an t-aoibhneas a bhí ar gach éinne — an dea-shín is an dea-chroí is mos na gcuansóg go ramhar ar an aer; an chuid eile acu is súil acu leis an bhfead chun an dinnéir; agus an bheirt pháistí, clann Thaidhg Mhicil Thaidhg, ar an gcinnfhearann is gach scread astu. Na clathacha mór-thimpeall déanta de ghaineamhchloch rua, is mar a bheadh teas rua ag éirí díobh.

Go dtí gur imigh an port fén gcapall agus seo an capall is an trucail i mullach a chéile le fána. Tógadh liú is ghread an slua ina dhiaidh is bhailíodar thíos ina thimpeall go dtí gur bhain Tadhg an áit amach. Ní fada a bhí sé ag iniúchadh an scéil gur cuireadh fios ar an lia.

Seo síos an dá pháiste, a sé is a seacht mbliana d’aois,

agus scáth orthu, duine acu, Maitias, bacach mar go raibh an cam reilige air — is é sin, ní troigh a bhí ar cheann na coise aige in aon chor, ach cnap mór agus iarracht de bhróg speisialta air. Tháinig an lia is dúirt go raibh deireadh leis an gcapall — ná siúlfadh sé go deo arís. Bhain san siar as gach éinne, go mórmhór Tadhg — mar ba mhar a chéile capall is cíos trí ráithe. Chuir sé fios ar ghunna is nuair a tháinig sé chuala siad pléasc is d'éirigh a raibh de cholúir sa pharóiste san aer. Agus ba chlos an macalla i bhfad thuas i measc na mbeann.

Tháinig líonrith ar Mhaitias nuair a chonaic sé an capall ag tabhairt na gcor agus d'éalaigh gearán as. 'Canathaobh gur mhairbh sibh an capall?'

Níor fhreagair éinne é go dtí gur chas an lia, sean-duine de chomharsa, air.

'Mar go raibh sé bacach, a gharsúin!' ar seisean.

D'fhéach an garsún ar an slua go ceann i bhfad sara ndúirt sé de chogar leis féin, mar dhea, 'ach táimse bacach, leis.' Dúirt sé arís is arís é, gach uair níb ísle go dtí gur thosnaigh sé ag cúlú ón slua aisteach so. Chúlaigh sé go tapaidh isteach san aiteann gallda a bhí i bhfad níb aoirde ná é féin. Thug sé fésna cosáin ansan gur bhain an choill amach agus ní fada gur aimsigh sé an rud a bhí uaidh, pluais i mbun chrainn leamháin. Dhein sé é féin a chnuchairt isteach ansan is chrom ar bheith á théamh féin mar go raibh sé in aon bharr amháin creatha. Aon

nóiméad anois bheidís chuige leis an ngunna chun a lámhach! Mar nach raibh sé bacach? Chlúdaigh sé é féin le raithneach is d'fhéach amach ar shaol a bhí chomh mall le scáthanna na coille.

Thángadar air amach sa tráthnóna is mheall siad abhaile le siúcra é.

*Scoil an Chuileanaigh, Barúntacht Dhún Ciaráin  
Thuaidh, Ciarraí, 1898*

I gcorp an gheimhridh istigh is na Cruacha Dubha ag urú na gréine orthu, solas briste trí fhuinneoga briste ag éalú isteach ar na scoláirí. D'éirigh mac Uí Shé is bhain sé creathadh as na plus-fours a bhí á chaitheamh aige is bhuail cúpla buille dá chois ar an urlár. Muiris Ó Sé, mac iníne le deartháir an fhile, Tomás Rua Ó Súilleabháin agus é ana-mhórálach as an ngaol céanna.

'Page fifty nine!' ar seisean, is chualathas na leathan-aigh ag déanamh gaoithe. Bhí na garsúin ag iniúchadh an phictiúir, camal sa ghaineamhlach, dumhaigh mór-thimpeall air, pirimid ar íor na spéire — ba bhreá leo é, bhí teas sa phictiúr san, agus bhí a leithéid uathu mar go rabhadar leata.

'Right boys, I have a new poem for you today, which I will now read, The Destruction of Sennacherib.'

Ghaibh sé suas is anuas an seomra agus anaithe air á léamh:

*'The Assyrian came down like the wolf on the fold,  
And his cohorts were gleaming in purple and gold;  
And the sheen of their spears was like stars on the sea,  
When the blue wave rolls nightly on deep Galilee.'*

Céad moladh le Dia na Glóire, a leithéid de dhán do gharsúin óga! Do léigh siad is do léigh siad é mar anachur síos go deo ar chogadh a bhí ann. D'fhiafraigh siad den Séach cé scríobh é. Choinnigh sé súil amháin ar an ndoras, mar bhí cigirí sa chomharsanacht agus fuath acu ar an nGaolainn.

'Ó, mhuisse, an fear ceart, Lord Byron, tiarna mór groí, saibhir.'

'Agus cén saghas é sin?'

Chaith an Séach tamall ag siúl suas is anuas sara labhair sé. 'Cén saghas é, an ea? An file ab fhearr ar domhan lena linn fhéin, agus bhí an cam reilige air.'

'Cad é sin?' arsa an rang.

'An bhfeiceann sibh an chos atá ar Mhait Dálaigh ansan, bhí a leithéid san ar Lord Byron.'

D'fhéach an rang go léir air. D'fhéach siad síos ar an gcois. D'fhéach siad suas ar a aghaidh. Agus don gcéad uair riamh ina shaol chonaic an garsún meas agus urraim i súilíbh daonna. Meas! Rud nach bhfuair sé riamh cheana! Agus ní raibh cloiste aige ar éinne riamh

go raibh an rud sin ar a chois aige. Go dtí inniu! Agus é ina thiarna mór groí! Agus file! I gcuntais Dé, cé déarfadh é! Líon a chroí an lá san le rud ná raibh riamh ina chroí go dtí sin, mórtas! Ar éigean a d'aithnigh sé é. Thug sé aghaidh ar an rang — bhí sé chomh maith le duine ar bith acu.

‘Sea, caitheann duine agaibh é a léamh dom anois,’ arsa an Séach agus diabhláocht ar na focail. Cloigeann amháin níor tógadh. ‘Cad déarfadh sibh anois dá léifeadh Dálaigh é?’

‘Ó, an fear ceart, mhuis,’ arsa siad go léir.

D'éirigh an garsún ina sheasamh, agus bhí iontas air, iontas nua! B'é seo an chéad uair riamh a cuireadh ceist air ar scoil! Is ní raibh aon sceimhle air. Is do léigh sé amach go neamhbhalbh é is níor imigh aon tuisle air ach gach focal go bearrtha aige. Nuair a shuigh sé síos mhol an Séach go mór é is d'aontaigh an rang leis. Bhraith an garsún mórtas thar na bearta agus bhraith sé rud eile, rud aisteach mar gheall ar an dán, amhail is go raibh na focail seo cloiste aige roimhe seo, ach i bhfad, i bhfad insan imigéin.

Chuaigh an lá san chomh mór i gcion air gur fhan an véarsa aige mar sórt paidre agus bhíodh sé de nós aige ó shin nuair a bhéarfadh an saol air agus é thíos go maith dá bharr go raghadh sé amach ar an sliabh ina aonar agus an dán a rá os íseal isteach i mbéal na gaoithe:

*The Assyrian came down like the wolf on the fold,  
And his cohorts were gleaming in purple and gold;  
And the sheen of their spears was like stars on the sea,  
When the blue wave rolls nightly on deep Galilee.*

*An Fheorthainn, Chiarraí, Márta 1923*

A leithéid so de dhuine, Mait Dálaigh, tharla go raibh sé suite cois tine an oíche áirithe so. Ghaibh beirt an doras isteach chuige, gunnaí acu.

‘Sea, bí amuigh,’ arsa siad, ‘níor mhaith linn tú a mharú ar lic do thinteáin féin.’ Bhí tuairim aige cé bhí aige, beirt mhurdaróirí, óna leithéid so de bhaile in iarthuaisceart Chiarraí. ‘Cad a dhein mé as an tslí, muran miste a fhiafraí díbh?’

‘Ó, mhuisse, ní miste in aon chor, baineann tú leis an dtaobh mícheart, téanam ort amach.’

Bhí fhios aige ná raibh aon bhaint ag an rud so le polaitíocht ach seana-chnámh a bhí ar salann le fada. Bhí siúl aisteach ag Dálaigh.

‘Cad tá ar do chois,’ arsa duine acu.

‘Táim rud beag bacach,’ ar seisean.

‘Ó, más mar sin atá, ní bheidh tú bacach a thuilleadh,’ is ba bheag nár thit siad le meidhir.

Ach ag gabháil amach do Dhálaigh b’ait leis a ndúirt siad mar gheall ar é a mharú ar a thinteán féin. Thug sé



smaoineamh dó. Díreach lasmuigh den doras chas siad air le dhá chlic as na safeties.

‘Amás ná maródh sibh mé im ghairdín féin!’ ar seisean leo. Dhein seo crosta iad is d’fhéach siad ina dtimpeall.

‘Tá go maith, bíodh do ghairdín slán, druid amach a thuilleadh go dtí an iothlainn.’

Bhí meabhair Dhálaigh ag imeacht sa rás agus rith sé leis go raibh an bheirt seo eaglach roimh nós-mhair-eachtaí — b’fhéidir gur ansan a bhí an t-éasc acu. Rud eile, ní raibh aon fhocal Gaolainne ag ceachtar den mbeirt agus ar chuma éigin bhraith sé go raibh an rud sin tábhachtach. San iothlainn chasadar air ag cliceáil na safeties arís.

‘Amás ná fuileann sibh chun mé a mharú gan ligint dom paidir a rá le Dia na Glóire.’

Dheineadar machnamh air seo agus níl aon dabht ná go raibh ag éirí ar an míshástacht. D’fhéach siad ar a chéile cúpla uair.

‘Dia na Glóire! Paidir! Mhuise, ní mór linn dó é, abair leat.’

‘As Gaolainn atá mo chuidse paidreacha.’

‘Patriots sinne, away leat.’ Ba bheag nár thit siad as a seasamh le gáirí.

Ba mhó den bhfilíocht a bhí ag Mait ná paidreacha, agus tharla go raibh *Cúirt an Mheáin Oíche* de ghlan-

mheabhair aige, agus, rud eile, bhraith sé go raibh sabháilteacht sa bhfaid. Chuaigh sé ar a dhá ghlúin, is chuireadar gunna lena cheann. D'fhéach sé suas ar an spéir is leath sé an dá láimh amach.

*'Ba ghnáth mé ag siúl le ciumhais na habhann*

*Ar bháinseach úr is an drúcht go trom*

*In aice na gcoillte, i gcoim an tsléibhe*

*Gan mhairg gan mhoill ar shoilse an lae. . . ?*

Lean sé leis mar sin síos tríd an dán, ag cur na tuille líofa Gaolainne amach ar aer na hoíche, agus deimhin á déanamh de ná stadfadh sé, mar dá ndéanfadh bheadh a phort seinte. Tar éis tamaill b'ionadh leis an mbeirt ná raibh aon tásca ar dheireadh na paidre.

'Hé, Dhálaigh, abair Áiméan, nó beimid anso feadh na hoíche agat!'

Agus ansan tamall eile, 'Ar mo leabhar ná fuil sé chun stopadh in aon chor, an bathlach, abair Áiméan, a dhiabhail!' Is dhein sé an gunna a chliceáil lena chluais cúpla uair.

Ach lean Mait air ag scairteadh.

*'Fara gach fíor is fuíoll níor fágadh*

*Dearbhadh díble ar bhíobla an lá sin*

*Cúis dar ndóigh ná geobhairse saor thríd*

*Cnú na hóige a' feo le faolraois*

*Is easnamh daoine suite ar Éire.'*